


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste Sláinte agus Talmhaíochta UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Scoil an Leighis Tréidliachta UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** *(más ábhartha)* | Altra Tréidliachta |
| **Tréimhse an Phoist:** | Conradh Cuspóir Sonraithe (fad ama measta 12 mhí) (agus cruthú painéil ina dhiaidh sin, beidh feidhm ag Painéal T&C) |
| **Bainisteoir Líne** | Príomh-Altra nó ainmní |
| **Grád:** | Altra Tréidliachta_Grád Gairme |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 018292 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Aline Burgos |

## Achoimre ar an bPost:

Tá Ospidéal Tréidliachta UCD (UCDVH) ag iarraidh altra tréidliachta de ghrád gairme a cheapadh do mháinliacht ainmhithe beaga chun cúram altranais d'ardchaighdeán a sholáthar trí fhreagrachtaí comhroinnte a ghlacadh as foireann disciplín ar leith agus trí chuidiú le sreabhadh othar a chomhordú trí sheirbhísí ospidéil.

Ní mór d'iarrthóirí Cáilíocht Altranais Tréidliachta atá inchláraithe le Comhairle Tréidliachta na hÉireann a bheith acu.

Cuirfear iarratasóirí rathúla ar phainéal chun folúntais shealadacha reatha agus amach anseo a líonadh ar feadh tréimhse suas le 12 mhí tar éis na hagallaimh a reáchtáil.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

1. **Dualgais altranais**

    - Ardchaighdeán cúraim altranais a sholáthar laistigh de dhisciplín na nAinmhithe Beaga a dhéanann nósanna imeachta sonracha ard-altranais faoi threoir nó faoi mhaoirseacht tréidlia mar a cheadaítear laistigh de *Chuid 8* den Acht um Chleachtas Tréidliachta, 2005.
    - Cabhrú leis an tacaíocht altranais don rannóg a chomhordú
    - Páirt a ghlacadh i seirbhísí faoi stiúir altraí
    - Ardchaighdeán sláinteachais, glaineachta agus eagraíochta a choinneáil le béim ar rialú ionfhabhtuithe d'othair, d'fhoireann, do scoláirí agus do chuairteoirí chuig UCDVH

2. **Dualgais riaracháin**
    - Cumarsáid éifeachtach a chinntiú idir foirne disciplín agus an bhainistíocht
    - Cabhrú le comhordú a dhéanamh ar shreabhadh othar i seirbhísí ospidéil
    - Cabhrú le huainchláir a ullmhú agus lóistíocht laethúil, rialú stoic agus ceannach le ríomhsholáthar a bhainistiú
    - Cabhrú le cothabháil trealaimh, deisiú agus comhordú teagmhálacha seirbhíse
    - Cabhrú le prótacail áitiúla a chruthú agus a chur i bhfeidhm agus páirt a ghlacadh i bprótacail ospidéil a fhorbairt
    - A chinntiú go gcloítear le beartais um rialú ionfhabhtuithe i gcónaí
    - A chinntiú go gcloítear le beartais Sláinte agus Sábháilteachta i gcónaí

**3. Teagasc agus oiliúint**

- Maoirseacht agus oiliúint a dhéanamh ar scoláirí tréidliachta agus altranais tréidliachta
- Maoirseacht agus oiliúint a dhéanamh ar altraí sóisearacha (sealaíochta)
- Measúnú ar scoláirí tréidliachta agus altranais
- Scileanna praiticiúla altranais a léiriú agus a oiliúint
- Teagasc cúraim altranais
- Teagasc maidir le trealamh ospidéil a úsáid
- Teagasc intí agus CPD a sheachadadh
- Rannpháirtíocht i gcomhdháil bhliantúil UCDVH

**Sainiúil don phost seo:**

Beidh ort 36.5 uair sa tseachtain a oibriú thar 5 lá i rith na seachtaine idir Dé Luain agus Dé Domhnaigh. D'fhéadfadh go mbeadh gá le hobair lasmuigh de ghnáthuaireanta deireadh seachtaine agus i rith na seachtaine ar bhonn róta. Athróidh amanna tosaithe agus críochnaithe ag brath ar riachtanais an ospidéil. Socrófar leithdháileadh iarbhír na n-uaireanta oibre seo le do líne bainisteoir.

**Tuarastal: Altra Tréidliachta_Career Grad (7928) €36,006 - €46,560**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus eolas faoi phinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Cuirimid fáilte roimh iarratas ó chách, lena n-áirítear iad a shamhlaítear le haon cheann de na tréithe cosanta a leagtar síos inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Tá tuilleadh eolas faoi Éagsúlacht ar fáil ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnta d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leo ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

**Eolas:**

- Eolas oibre den scoth ar an Acht um Chleachtadh Tréidliachta, 2005, go háirithe Altraí Tréidliachta *Cuid 8*
- Eolas maith oibre ar róil altranais laistigh d'ospidéal atreoraithe nó speisialtóra

**Cáilíochtaí:**

- Cáilíocht Altranais Tréidliachta ar féidir a chlárú le Comhairle Tréidliachta na hÉireann

**Scileanna:**

- Taithí iarcháilíochta 3 bliana ar a laghad mar altra tréidliachta nó taithí phraiticiúil ábhartha ar féidir a léiriú laistigh d'ospidéal atreoraithe nó speisialtóra, más féidir
- Taithí phraiticiúil ábhartha ar féidir a léiriú laistigh d'ospidéal atreoraithe nó speisialtóra, más féidir
- Sárscileanna cumarsáide ó bhéal agus i scríbhinn
- Bheith in ann iltascáil a dhéanamh agus oibriú go neamhspleách nuair is gá

**Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú: Tiomantas a léiriú don chlár oibre um chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.**

- Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe a léiriú

Inmhianaithe:

**Eolas:**

- Eolas agus taithí ar chórais sreafa othar laistigh d'ospidéal atreoraithe nó speisialtóra

**Cáilíochtaí:**

- Ardcháilíochtaí altranais nó tiomantas do staidéir bhreise ábhartha

**Scileanna:**

- Taithí ar ghnó nó ar bhainistíocht
- Taithí ar scoláirí tréidliachta agus altranais a mhaoirsiú agus a stiúradh
- Taithí ar oiliúint a chur ar scoláirí tréidliachta agus altranais tréidliachta agus ar mheasúnú a dhéanamh orthu
- Dea-scileanna IT

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don | https://strategy.ucd.ie/ |

| | |
|---|---|
| Todhchaí | |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | |
| An Scoil/Oifig Chláir/Aonad: | |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**
Tabhair faoi deara go bhfuil an chuid seo roghnach. Seolfar iarratais chuig riarthóir Acmhainní Daonna sannta.

| | |
|---|---|
| Ainm: | |
| Teideal: | |
| Seoladh ríomhphoist: | |
| Fón: | |

© Acmhainní Daonna UCD 